Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2025/2216(INI)

05.02.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an moladh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le rialachas trasnáisiúnta ar uisce a chur chun cinn ar mhaithe le coinbhleachtaí a chosc agus leis an tsíocháin
(2025/2216(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Leoluca Orlando

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA....3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN....7

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR....8

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le rialachas trasnáisiúnta ar uisce a chur chun cinn ar mhaithe le coinbhleachtaí a chosc agus leis an tsíocháin
(2025/2216(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Choinbhinsiúin 1992 de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún Uisce),

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Bealtaine 2025 ar an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce[1],

– ag féachaint do bhileog eolais ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine dar teideal ‘The Right to Water’ [An Ceart chun Uisce], a foilsíodh i mí Lúnasa 2010,

– ag féachaint do chonclúidí an 19 Samhain 2018 ón gComhairle maidir le taidhleoireacht uisce,

– ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 19 Samhain 2021 maidir le huisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais,

– ag féachaint do Riail 121 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do rún uaithi an 2 Aibreán 2025 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2024[2],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0000/2025),

A. de bhrí go bhfuil an t-uisce bunriachtanach chun go mairfidh an daonnacht agus gach beatha ar domhan agus, dá bhrí sin, gur gá é a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus cothrom;

B. de bhrí gur ceart daonna é rochtain ar uisce agus gur réamhriachtanas é don chobhsaíocht agus don tsíocháin;

C. de bhrí gur bagairt mhór é an t-athrú aeráide d’acmhainní uisce agus d’éiceachórais uisceacha, agus go gcuireann sé le strus uisce;

D. de bhrí go bhfuil timthriallta hidreolaíocha ag éirí níos guagaí agus go bhfuil an siar

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0091.
[2] IO C, C/2025/4390, 9.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4390/oj.

agus aniar foréigneach idir triomach tromchúiseach agus tuilte tubaisteacha ina chomhartha sóirt air, arb é an t-athrú aeráide is cúis leis; de bhrí gur thuairiscigh na réigiúin oighrithe uile ar domhan caillteanas oighir le blianta beaga anuas; de bhrí go bhfuil gníomhaíochtaí an duine freagrach as go leor den truailliú acmhainní fionnuisce ar fud an domhain;

E. de bhrí ndéanann uiscígh trasteorann, lochanna, agus abhantracha atá comhroinnte ag dhá thír nó níos mó suas 60 % de shreafaí fionnuisce an domhain;

F. de bhrí nach bhfuil aon socruithe trasteorann ag formhór na dtíortha maidir le dobharlaigh chomhroinnte;

G. de bhrí go bhfuil impleachtaí ag strus maidir le huisce agus ag gníomhaíochtaí aontaobhacha arna ndéanamh ag tíortha in uiscí trasteorann, amhail truailliú nó róshaothrú, nó tógáil bonneagair do gach stát atá ar theorainn na n-uiscí sin; de bhrí go gcuireann díospóidí maidir le rochtain ar uisce le coinbhleachtaí níos leithne agus go bhféadfaidís a bheith ina gcúis leo, agus go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha aige sin ar chobhsaíocht réigiúnach agus ar shlándáil an duine;

H. de bhrí go stairiúil gur spreag an t-uisce an comhar, gur sháraigh coinbhleacht maidir le huisce an comhar sin le 10 mbliana anuas;

I. de bhrí go bhfuil roinnt buntáistí coibhneasta ag úsáideoirí réamhtheachtacha na gcóras uisce i gcomparáid leis na húsáideoirí iartheachtacha;

J. de bhrí go gcuireann coinbhleacht armtha agus forghabháil isteach go mór ar inrochtaineacht uisce agus ar chomhar trasnáisiúnta uisce;

1. á mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, an Coimisiún agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an méid seo a leanas:

   (a) ról an rialachais uisce trasteorann i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais a mhéadú, ionas go ngníomhóidh sé mar uirlis fhiúntach chun coinbhleachtaí a chosc, a réiteach agus chun muinín a chothú ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, go háirithe i limistéir atá níos leochailí ó thaobh thionchar an athraithe aeráide agus ina bhfuil ganntanas uisce cheana féin;

   (b) aghaidh a thabhairt ar an easpa comhaontuithe oibríochtúla idir rialtais a roinneann imchuacha uisce trasteorann, agus an saineolas agus an cúnamh teicniúil agus airgeadais uile is gá ón Aontas a chur ar fáil chun tacú le rialtais agus le heagraíochtaí abhantraí socruithe den sórt sin a dhéanamh agus a chur chun feidhme;

   (c) an ról atá ag rialachas trasnáisiúnta uisce i ngníomhaíocht sheachtrach agus i dtaidhleoireacht an Aontais a neartú agus chuige sin na hacmhainní iomchuí airgeadais agus daonna a chur ar fáil don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus do Thoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain chun gníomhaíochtaí trasteorann bainistithe uisce agus taidhleoireachta a thionscnamh

agus a thionlacan ar an láthair i dtíortha comhpháirtíochta agus eatarthu;

(d) cistiú méadaithe agus seasta a áirithiú do bhainistiú uisce trasteorann an Aontais i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile;

(e) raon feidhme geografach thionscadail rialachais uisce trasteorann an Aontais a leathnú lasmuigh den Afraic agus den Áise Láir chuig Críocha Mheiriceá, an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh, agus an Áise Thoir agus Theas trí chur chuige Fhoireann na hEorpa;

(f) an comhar iltaobhach maidir le huisce a neartú, go háirithe laistigh de na Náisiúin Aontaithe trí leanúint de dhomhandú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hUisce agus dlús a chur leis agus trí thacú le cur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), go háirithe SDG6 maidir le huisce glan agus sláintíocht;

(g) infheistíocht a dhéanamh i bhforléargas níos trédhearcaí ar thacaíocht leanúnach uile an Aontais atá tiomnaithe do bhainistiú uisce trasteorann a chur chun cinn go hidirnáisiúnta agus comhleanúnachas agus cuíchóiriú na hoibre agus an chistithe uile a áirithiú ar fud na nArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha uile agus idir SEGS agus an Coimisiún;

(h) oibriú nuair is féidir chun uisce glan ardcháilíochta a áirithiú, bainistiú inbhuanaithe uisce a chur chun cinn agus teicneolaíochtaí nuálacha éagsúla uisce a chur chun feidhme, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe;

(i) a áirithiú go dtabharfar aghaidh le tionscnaimh uisce an Aontais ar fud an domhain ar na bearnaí sonraí atá fós ann agus ar an easpa comhroinnte sonraí idir rialtais trí acmhainní teicniúla agus fisiceacha a thabhairt do thíortha comhpháirtíochta chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar leibhéil uisce agus ar cháilíocht na n-abhantrach trasteorann, agus trí shonraí a mhalartú agus trí chaighdeáin choiteanna a chothú maidir le bailiú sonraí idir tíortha comhpháirtíochta chun comhoiriúnacht a mhéadú;

(j) ionstraimí comhair idir-rialtasacha agus réigiúnacha a chur chun cinn maidir le hacmhainní uisce a bhainistiú, ag díriú go háirithe ar dháileadh cothrom uisce a áirithiú idir tíortha agus earnálacha gnó, agus tacú le struchtúir rialachais ar an leibhéal áitiúil agus ar leibhéal an phobail chun cinnteoireacht chuimsitheach agus bainistiú uisce a chur chun cinn;

(k) acmhainneachtaí faireacháin agus luathrabhaidh an Aontais a neartú tríd an digitiú agus trí theicneolaíochtaí nua-aimseartha; an faireachán ar ghanntanas uisce agus ar rioscaí coinbhleachta a bhaineann le huisce ar fud an domhain a neartú, amhail bonneagar uisce agus uisce a úsáid mar uirlis troda agus rochtain ar uisce a bhaint d'aon ghnó, rud a fhágfaidh go mbeidh sé ina chuid de chórais coiscthe coinbhleachta Lárionad Freagartha Géarchéime SEGS;

(l) taighde ar bhainistiú inbhuanaithe trasteorann uisce, comhroinnt uisce, comhar agus nuálaíocht a dhreasú agus a mhaoiniú, lena n-áirítear tríd an gclár Fís

Eorpach;

(m) oifigeach ardchéime de chuid an Aontais a cheapadh mar Ionadaí Speisialta an Aontais a mbeidh sé de chúram air coinbhleachtaí a bhaineann le huisce a chosc agus a réiteach, comhar uisce a chur chun cinn, agus foinsí agus córais uisce a chosaint, lena n-áirítear le linn coinbhleachtaí armtha agus i suíomhanna trasteorann;

(n) ról an dlí idirnáisiúnta agus na gcúirteanna idirnáisiúnta a neartú i réiteach díospóidí maidir le coinbhleachtaí timpeall ar dhobharlaigh thrasnáisiúnta chun soiléireacht agus cuntasacht a áirithiú maidir le hoibleagáidí dlíthiúla na stát uile a bhfuil teorainn acu leis na huiscí trasnáisiúnta lena mbaineann;

2. á threorú dá hUachtarán an moladh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an t-uisce riachtanach don saol. Is ceart daonna é rochtain ar uisce sábháilte agus is réamhriachtanas é don chobhsaíocht agus don tsíocháin.

Mar sin féin, tá an ganntanas uisce ag dul i méid. Tá ró-úsáid thionsclaíoch, ródhaonrú agus truailliú ina gcúis le strus maidir le huisce ar fud an domhain, agus cuireann éifeachtaí an athraithe aeráide de dhéantús an duine tuilleadh leis an bhfeiniméan. Sreabhann níos mó ná leath de fhionnuisce an domhain thar theorainneacha, agus roinneann níos mó ná 150 tír abhantracha trasteorann. Tá go leor de na himchuacha sin i réigiúin ina bhfuil éagobhsaíocht, strus aeráide agus institiúidí laga. Is minic a bhíonn rochtain mhíchothrom ar acmhainní uisce, a roinntear idir tíortha nó laistigh díobh, mar gheall ar dhrochbhainistiú agus beartais neamhleora. Aithnítear níos mó agus níos mó go spreagann sé sin an leochaileacht, an imirce, an t-easáitiú, agus go bhfuil sé ina chúis le teannas, le héagobhsaíochta agus agus le coinbhleacht atá ag dul i méid, laistigh de stáit agus idir stáit. Cé go bhféachtar sa tuarascáil seo le béim a leagan ar bhealaí cuiditheacha inar féidir leis an Aontas coinbhleacht a chosc trí rialachas trasnáisiúnta uisce, ní mór a thabhairt faoi deara, i gcoinbhleachtaí armtha éagsúla ar fud an domhain, go gcuireann gníomhaithe srian ar rochtain ar uisce chun géarchéimeanna daonnúla a chruthú agus bonneagar uisce a scriosadh ar chúiseanna míleata oirbheartaíochta.

Tá ionstraimí seachtracha an Aontais atá ann cheana gníomhach ar an ábhar cheana féin, lena n-áirítear ICFCI — an Eoraip Dhomhanda, Global Gateway agus tionscnaimh Taidhleoireachta Uisce an Aontais. Cé gur cúis áthais iad a bheith ann agus go bhfuil siad úsáideach, ní leor iad astu féin: ní mór iad a thabhairt cothrom le dáta agus a chistiú ar agus a chomhordú ar bhealach níos fearr chun comhar réigiúnach éifeachtach a éascú, institiúidí bainistithe uisce a neartú agus infheistíocht inbhuanaithe a shlógadh; ba cheart ionstraimí seachtracha an Aontais a úsáid ar bhealach níos gníomhaí freisin i gcomhpháirtíocht le Ballstáit an Aontais agus lena n-uirlisí airgeadais agus riaracháin agus lena n-acmhainneacht.

Thairis sin, tá géarghá le feabhas a chur ar rannpháirtíocht sheachtrach an Aontais agus SEGS i réimse an chomhair uisce trasteorann trí idirphlé polaitiúil, idirghabháil, for-rochtain taidhleoireachta, cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta, comhroinnt sonraí, bainistiú abhantraí, cinnteoireacht thrédhearcach agus rialachas trédhearcach a chur chun cinn le tacaíocht ó institiúidí iontaofa agus creataí dlíthiúla agus aird ar leith á tabhairt ar ghníomhaithe áitiúla, ag cur rialachas cuimsitheach a chur chun cinn lena gcuirtear riachtanais pobal leochaileach agus mionlach san áireamh.

Is infheistíocht fhadtéarmach sa chobhsaíocht, i gcosc coinbhleachtaí agus san fhorbairt inbhuanaithe é rialachas trasnáisiúnta uisce a neartú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais ábharthacht straitéiseach an rialachais thrasnáisiúnta uisce a aithint agus a chur chun cinn níos mó mar phríomhionstraim chun coinbhleachtaí a chosc go fadtéarmach, don chobhsaíocht réigiúnach, don chomhionannas sóisialta agus don tslándáil dhaonna agus don fhorbairt inbhuanaithe. Ba cheart don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) i bParlaimint na hEorpa a áirithiú go n-aithneofar rialachas trasnáisiúnta uisce mar thosaíocht taidhleoireachta agus slándála laistigh de bheartas eachtrach an Aontais - sna comharsanachtaí agus sna réigiúin um méadú amhail na Balcáin, an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh agus an tSaiheil, agus i ngach gné de rannpháirtíocht dhomhanda an Aontais.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aige ina thuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sé, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)